**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0187/2023**

14.3.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le gluaiseacht Antifa a chur ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí

**Bernhard Zimniok, Markus Buchheit, Christine Anderson, Sylvia Limmer, Guido Reil, Philippe Olivier, Jean-Paul Garraud, Roman Haider, Filip De Man**

**B9-0187/2023**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gluaiseacht Antifa a chur ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Chomhsheasamh na Comhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (2001/931/CBES)[1],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/20 ón gComhairle an 13 Eanáir 2020 lena nuashonraítear an liosta de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eintitis atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/1341[2],

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go leanann Antifa d'fhoréigean a dhéanamh san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag cur na saoirse smaointeoireachta agus cainte san Eoraip faoi chois, ag baint úsáid as 'liostaí amais'[3] agus bearta diansmachta eile, de bhrí go líomhnaítear go bhfuair Antifa oiliúint ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta eile sa tSiria; de bhrí gurb é Antifa a rinne na hionsaithe is déanaí le hintinn mharfach i mBúdaipeist, an Ungáir, áit ar ionsaíodh sibhialtaigh agus níos déanaí sa Ghearmáin inar gortaíodh níos mó ná 50 póilín;

1. á iarraidh ar an Ardionadaí agus ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a áirithiú go n-áireofar Antifa ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí.

[1] IO L 344, 28.12.2001, lch. 93.
[2] IO L 81, 14.1.2020, lch. 5.
[3] Antifascist Europe, 'Tino Chrupalla –Data Explorer', *Networks of the European Far Right*, arna rochtain 14 Márta 2023.